**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006**

# GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 r.n. go dtí 12.00 meán lae

**FREAGAIR**

**(A) Deich gceist as ROINN 1**

**AGUS**

**(B) Ceithre cheist as ROINN 2 mar a leanas:**

**Ceist amhháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an Áireamháin a Úsáideadh:**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2**

# ROINN 1

**(100 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag dul le gach ceist. Cuir an ceistpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar le do thoil**.

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra sa spás cuí.)

| | |
|---|---|
| (i) LLDB (SWOT) | |
| (ii) CBL (VAT) | |
| (iii) GD (WWW) | |

**2.** Baintear úsáid as na doiciméid seo a leanas i gcúrsaí árachais. Tabhair breac-chuntas ar an aidhm a bhaineann leo:

(i) Foirm éilimh ____________________

____________________

(ii) Polasaí ____________________

____________________

**3.** Ainmnigh na **trí** ghníomhaíocht bhainistíochta:

(i) ____________________

(ii) ____________________

(iii) ____________________

**4.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhíonn le dífhostú éagórach agus **dhá** chúis a bhíonn le dífhostú cóir faoin Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 – 1993:

Éagórach (i) ____________________

____________________

(ii) ____________________

____________________


Cóir (i) ____________________

____________________

(ii) ____________________

____________________

**5.** Léaráid de Shaolré Táirge is ea í seo a leanas, ach níl sí comhlánaithe go hiomlán. Tá céim amháin líonta isteach, 'Sáithiú', agus tá ainmneacha na gcéimeanna eile ar iarraidh.




Líon isteach thíos na **ceithre** chéim atá ar iarraidh:

Céim 1 ______________________________ Céim 2 ______________________________

Céim 3 ______________________________ Céim 5 ______________________________

**6.** Dréachtaigh, agus úsáid á baint agat as dáta an lae inniu, Meamram ó Philomena Uí Dhúill, Bainisteoir Acmhainní Daonna, chuig an bhfoireann go léir ag meabhrú dóibh go bhfuil chruinniú athbhreithnithe míosúil le bheith ann ar an 27 Meitheamh 2006:

**MEAMRAM**

Chuig: ______________________________ Ó: ______________________________

Dáta: ____________________ Maidir le: ______________________________

Sínithe: ______________________________ Teideal: ______________________________

**7.** Ainmnigh **trí** institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**8.** Liosta de shé théarma gnó atá i g**Colún 1**. Liosta de sheacht míniú ar na téarmaí sin atá i g**Colún 2**. (Tá míniú amháin nach féidir a mheaitseáil le téarma.)

| **Colún 1**: Téarmaí | | **Colún 2**: Mínithe | |
|---|---|---|---|
| 1 | Cúiteamh | A | Táille bhliantúil a íoctar le cuideachta árachais |
| 2 | Coimisiún | B | Íocaíocht bunaithe ar luach na n-earraí a díoladh |
| 3 | ÍMAT | C | Airgeadas a thugtar d'fhiontar agus nach gá a aisíoc |
| 4 | Deontais | D | Íoc Mar A Thuillir |
| 5 | Morgáiste | E | Íocaíocht a dhéantar le duine faoi árachas a d'fhulaing caillteanas |
| 6 | Préimh | F | Cáin ar bhronntanais agus ar oidhreachtaí |
| | | G | Iasacht fhadtéarma chun sealúchas a cheannach |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniú ceart faoin uimhir chuí sa bhosca thíos: (Tá freagra amháin ar fáil cheana féin.)

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| **E** | | | | | |

**9.** Tá brabús incháinithe €68,400 ag cuideachta theoranta. Baintear cáin amach ar ráta 12.5%.

(i) Ríomh an méid cánach atá iníoctha:
(Taispeáin do chuid oibre.)

Freagra: € ____________________

OBAIR

(ii) Líon isteach an focal atá ar iarraidh san abairt seo:

Tugtar cáin ______________________ ar an gcáin a íoctar ar bhrabús cuideachta teoranta.

**10.** Tabhair **trí** shampla de thionscnamh díolacháin:

(i) ____________________________________________

(ii) ____________________________________________

(iii) ____________________________________________

**11.** Luaigh **trí** ghné a bhaineann le trádálaí aonair, mar chineál eagras gnó:

(i) ____________________________________________

____________________________________________

(ii) ____________________________________________

____________________________________________

(iii) ____________________________________________

____________________________________________

**12.** Mínigh an téarma 'réimse rialúcháin': ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**13.** Cuireann Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide deiseanna ar fáil do ghnóthaí. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** cheann de na deiseanna sin:

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**14.** Bíonn seacht gcéim i gceist, de ghnáth, le forbairt táirge/seirbhíse nua. Tá trí cinn de na céimeanna sin, 'Giniúint Smaointe', 'Margáil Tástála', agus 'Cur i láthair agus Seoladh' curtha isteach sa bhosca thíos cheana féin.
Is iad na céimeanna eile i bhforbairt táirge/seirbhíse nua ná:
*Forbairt Fréamhshamhla*, *Scagadh Táirge/Seirbhíse*, *Staidéar Féidearthachta* agus *Forbairt Coincheap*.

Cuir isteach thíos na **ceithre** céim sin san ord ceart:

Forbairt Táirge/Seirbhíse Nua

| | |
|---|---|
| 1. | Giniúint Smaointe |
| 2. | ______________________________ |
| 3. | ______________________________ |
| 4. | ______________________________ |
| 5. | ______________________________ |
| 6. | Margáil Tástála |
| 7. | Cur i láthair agus Seoladh |

**15.** Le deich mbliana anuas, chabhraigh an onnmhairíocht (easpórtáil) le feabhsú gheilleagar na hÉireann. Mínigh an téarma 'onnmhaire' agus tabhair **dhá** shampla d'onnmhairí Éireannacha:

______________________________

______________________________

______________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# ROINN 2
**(300 marc)**

**Freagair <u>ceithre</u> cheist as ROINN 2 mar a leanas:**
**Ceist <u>amháin</u> as Cuid 1 agus**
**<u>Dhá</u> cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist <u>amháin</u> eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**

## CUID 1

### DAOINE SA GHNÓ

### CEIST 1

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Thug Seán agus Máire Uí Fhaircheallaigh cuairt ar a ngníomhaire taistil áitiúil chun saoire a shocrú dóibh féin agus dá bpáistí óga.*

*D'fhéach siad ar roinnt bróisiúr agus chuir siad saoire in áirithe in ionad saoire Spáinneach mar ar cinntíodh dóibh go raibh a n-árasán i bhfoisceacht 5 nóiméad siúil den trá agus go raibh saoráidí súgartha sa bhloc árasán ina mbeadh maoirseacht ar na páistí an t-am go léir.*

*Ar shroicheadh na háite dóibh, áfach, fuair siad amach go mbeadh orthu bus áitiúil a thógáil chun na trá, bus nach dtagadh ach go hannamh. Bhí na háiseanna súgartha fós á dtógáil.*

*Ar fhilleadh dóibh ón Spáinn, chuaigh Seán agus Máire chuig a ngníomhaire taistil áitiúil chun gearán a dhéanamh.*

**(A)** (i) Ainmnigh an dlí a thugann cosaint do mhuintir Uí Fhaircheallaigh sa chás seo. (10 marc)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** leigheas ar an scéal a d'fhéadfadh an gníomhaire taistil a thairiscint chun an fhadhb seo a réiteach. (20 marc)

(iii) Déan cur síos ar **thrí** fheidhm atá leis an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí. (15 mharc)

*Tá Siún de Brún ceaptha ina céad phost.*

*Thug a fostóir Conradh Fostaíochta di. Bhí a fhios ag Siún óna cuid staidéir ar chúrsaí Gnó go mbíonn na míreanna seo a leanas i gconradh: <u>Tairiscint</u>, <u>Glacadh</u>, <u>Comaoin</u>, <u>Inniúlacht</u>* agus *<u>Intinn conradh a dhéanamh</u>.*

**(B)** (i) Sainmhínigh an téarma 'conradh'. (10 marc)

(ii) Mínigh aon **dá** cheann de na míreanna i gconradh a bhfuil líne fúthu thuas. (20 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## AN TIMPEALLACHT INTÍRE

### CEIST 2

Freagair gach cuid den cheist seo:

**(A)** Liostaigh agus mínigh na **ceithre** tosca táirgthe. (20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann leis an 'earnáil phríomhúil' do gheilleagar na hÉireann. (15 mharc)

**(C)** Mínigh, agus **dhá** shampla á dtabhairt agat, cad is brí leis an 'earnáil seirbhísí'. (15 mharc)

**(D)** Liostaigh **dhá** shochar atá ann do gheilleagar na hÉireann as 'earnáil seirbhísí' a bhfuil fás fúithi a bheith ann. (10 marc)

**(E)** (i) Ainmnigh **dhá** fhiontar stáit a chabhraíonn le gnó a lonnú in Éirinn.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le fiontair stáit. (15 mharc)

**(75 marc)**

## AN TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 3

Freagair gach cuid den cheist seo:

**(A)** (i) Mínigh an téarma 'boilsciú'.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shochar atá ann d'Éirinn as boilsciú íseal a bheith aici. (20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shochar a chuireann an tAontas Eorpach ar fáil do ghnó na hÉireann. (20 marc)

**(C)** Déan cur síos ar **thrí** cheist timpeallachta a théann i bhfeidhm ar ghnó na hÉireann. (15 mharc)

**(D)** Déan plé ar **thrí** dhúshlán atá ann do ghnó na hÉireann sa trádáil idirnáisiúnta. (20 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

**CUID 2**

## BAINISTIÚ

**CEIST 4**

Déan staidéar ar an bhfógra a leanas agus freagair na ceisteanna a leanas:

**FOLÚNTAS DO BHAINISTEOIR ACMHAINNÍ DAONNA IN FONAFREND TEO.**

Cuireann Fonafrend Teo. teileamhargaíocht ar fáil do raon leathan gnóthas agus tá 35 fostaí ann go lánaimseartha agus 5 go páirtaimseartha.

Táimid ag lorg Bainisteoir Acmhainní Daonna. Ní mór don iarrthóir idéalach scileanna cumarsáide sármhaith a bheith aici/aige, scileanna maithe Teicneolaíocht Eolais, taithí ábhartha agus a bheith toilteanach oibriú mar bhall d'fhoireann.

Áireofar i measc fhreagrachtaí an phoist: Earcú agus Roghnú, Luaíocht, Traenáil/Forbairt agus Measúnú Feidhmiúcháin.

Táimid ag tairiscint tuarastal tarraingteach agus sochar comhchineáil don té a n-éiríonn léi/leis an post a fháil.

Ba chóir d'iarrthóirí a bhfuil suim sa phost acu a CV, maille le litir thionlacain, a sheoladh chuig:

Martina Ní Mhurchú
Bainisteoir Ginearálta
Fonafrend Teo.
Eastát Tionsclaíochta na Páirce Glaise
Baile Átha Cliath 14.

nó ríomhphost: mnimhurchu@fonafrend.ie faoin Aoine 7 Iúil 2006.

*Is fostóir comhionannas deiseanna é Fonafrend Teo.*

**(A)** Mínigh gach ceann de na téarmaí seo a leanas:
(i) CV
(ii) Sochar Comhchineáil
(iii) Comhionannas deiseanna (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shochar atá in obair fhoirne d'eagras. (15 mharc)

**(C)** Mínigh **dhá** cheann de na feidhmeanna seo a leanas a bhíonn ag Bainisteoir Acmhainní Daonna:
(i) Earcú agus Roghnú
(ii) Traenáil/Forbairt
(iii) Measúnú Feidhmiúcháin (25 marc)

**(D)** Déan **trí** bhacainn ar chumarsáid éifeachtach a shainaithint agus mínigh iad. (20 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

BAINISTIÚ

## CEIST 5

Déan staidéar ar an eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Seo a leanas sliocht as tuairisc an Chisteora a cuireadh i láthair ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) Chlub Peile an Ghleanna Mhóir le déanaí.*

1. Arna chríochnú don chlár tógála ar ár bpáirc le déanaí, is é an iarmhéid atá ar an iasacht ná €200,000 agus tá rótharraingt €20,000 inár gcuntas reatha.

**(A)** Déan cur síos ar **dhá** bhealach éagsúla a d'fhéadfadh an club a úsáid chun airgead a bhailiú le feabhas a chur ar a staid airgeadais. (10 marc)

**(B)** Leag amach an Fógra <u>agus</u> an Clár do CGB Chlub an Ghleanna Mhóir. (25 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhreagracht a bhíonn ar chathaoirleach <u>agus</u> **dhá** fhreagracht a bhíonn ar rúnaí ag CGB. (20 marc)

**(D)** (i) Mínigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide.
(ii) Bíonn córam riachtanach de ghnáth ag cruinnithe foirmeálta.
Mínigh an téarma 'córam'. (20 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## BAINISTIÚ / GNÓ AG GNÍOMHÚ

### CEIST 6

Déan staidéar ar an eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Tá Anita agus Marc Ó Dúill i bpáirtíocht le hocht mbliana i mbun a ngnó féin ag plé le DIY/crua-earraí agus tá seachtar de lucht díolacháin agus triúr tiománaithe veain fostaithe acu faoi láthair.*

*Tá trádstóras acu i bpáirc ghnó áitiúil agus ionad miondíola i lár an bhaile.*

*Tá beartaithe acu an t-ionad miondíola a leathnú agus tá iarratas curtha chuig an mbanc acu ag lorg iasachta.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** thoisc a chuirfeadh an banc san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige an dtabharfaidh sé iasacht do Anita agus do Mharc. (20 marc)

**(B)** Déan cur síos ar **thrí** mhodh fógraíochta go mb'fhéidir go mbainfeadh Anita agus Marc úsáid astu chun a ngnó a chur chun cinn. (15 mharc)

**(C)** (i) Mínigh an téarma 'páirtíocht'.
(ii) Tabhair **dhá** bhuntáiste atá le páirtíocht mar chineál eagras gnó. (15 mharc)

**(D)** Déan cur síos ar **cheithre** chineál éagsúla polasaí árachais ba chóir don ghnó a bheith aige agus tabhair fáth le gach ceann. (25 marc)

**(75 marc)**

## GNÓ AG GNÍOMHÚ

### CEIST 7

Freagair gach cuid den cheist seo:

**(A)** Tabhair sainmhíniú ar mhargaíocht. (10 marc)

**(B)** (i) Liostaigh na míreanna atá sa mheascadh margaíochta (4Ps).
(ii) Mínigh **ceann amháin** de na míreanna sin. (25 marc)

**(C)** Ainmnigh **trí** fhoinse smaointe a bheadh ar fáil ag gnó do tháirge/sheirbhís nua. (15 mharc)

**(D)** (i) Tabhair **dhá** shampla d'ainmneacha branda a bhfuil an-eolas orthu.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shochar is féidir le hainm branda a thabhairt do ghnó. (15 mharc)

**(E)** Mínigh, agus sampla á úsáid agat, an téarma 'deighilt an mhargaidh'. (10 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

**FIONTAR / BAINISTIÚ / GNÓ AG GNÍOMHÚ**

## CEIST 8

Déan staidéar ar an eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Siopa búistéara is ea Ó Buachalla Teo. i nDroichead Átha. Tá na deartháireacha Séamas agus Seán i mbun an ghnó ó d'éirigh a n-athair as 10 mbliana ó shin.*

*Soláthraíonn siad feoil úr ó fheirmeacha áitiúla do thomhaltóirí, d'óstáin agus do bhialanna sa cheantar. Tugann siad creidmheas mí amháin dá gcuid príomhchustaiméirí.*

*Tá réamhaisnéis sreabhadh airgid ullmhaithe acu. Seo a leanas achoimre ar an réamhaisnéis do na trí mhí Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair 2006.*

| **2006** | **Iúil** € | **Lúnasa** € | **Meán Fómhair** € |
|---|---|---|---|
| **Fáltais** | 55,000 | 80,000 | 90,000 |
| **Íocaíochtaí** | 57,500 | 63,000 | 77,000 |
| **Airgead Glan** | (2,500) | 17,000 | 13,000 |
| **Airgead Tosaigh** | 1,500 | (1,000) | 16,000 |
| **Airgead ar Deireadh** | (1,000) | 16,000 | 29,000 |

**(A)** (i) Sainaithin **dhá** mhír a d'fhéadfaí a chur isteach i roinn na 'bhFáltas' de réamhaisnéis sreabhadh airgid Uí Bhuachalla Teo.

(ii) Sainaithin **trí** mhír a d'fhéadfaí a chur isteach i roinn na 'nÍocaíochtaí' de réamhaisnéis sreabhadh airgid Uí Bhuachalla Teo. (15 mharc)

**(B)** Déan cur síos ar 'bhealach dáilte' a bheadh oiriúnach don ghnó thuas. (15 mharc)

**(C)** Mínigh an téarma 'rialú creidmheasa'. (15 mharc)

**(D)** Tá ionad siopadóireachta nua le hoscailt i nDroichead Átha i bhFómhar na bliana 2006. Sainaithin **dhá** láidreacht atá ag Ó Buachalla Teo. chun dul i ngleic leis an dúshlán seo. (15 mharc)

**(E)** Mínigh **dhá** chúis a n-ullmhódh <u>teaghlach</u> buiséad. (15 mharc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán